Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
C/2024/5527
23.9.2024
GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5527)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 6352	16 Meán Fómhair 2024	Déchrómáit sóidiam (CE Uimh. 234-190-3; Uimh. CAS 10588-019-9)	Liebherr-Aerospace Lindenberg GmbH, Pfaenderstrasse 50-52, D-88161 Lindenberg, an Ghearmáin	REACH/24/41/0	Séalú tar éis anóidiú cóimhiotail alúmanaim agus éighníomhú bratuithe miotalacha de chodanna de chóras gníomhrúcháin agus cosa tuirlingthe le haghaidh earnáil na heitlíochta a chomhlíonann na ceanglais deimhniúcháin aeracmhainneachta	An 19 Nollaig 2034	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5527/oj